

# Iris Oifigiúil

ISSN 1725-2458

Eagrán Speisialta\*

6 Eanáir 2004

## an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

---

Clár

Leathanach

*Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach*

Gníomh ón gComhairle an 27 Samhain 2003 ag tarraingt suas, ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), Prótacal a leasaíonn an Coinbhinsiún sin ..... 1

(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

## GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2003

ag tarraingt suas, ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), Prótacal a leasaíonn an Coinbhinsiún sin

(2004/C 2/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 43(1) de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Ríocht na Danmhairge <sup>(2)</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(3)</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Bhord Bainistíochta Europol <sup>(4)</sup>,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 30(2)(a) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, laistigh de thréimse cúig bliana ó dháta Chonradh Amstardam a theacht i bhfeidhm, tá an Chomhairle chun comhar a chur ar aghaidh i réimsí éagsúla, *inter alia* trí Europol.
- (2) Dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach in Tampere i mí Dheireadh Fómhair 1999 go bhfuil ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe ar an gcoirpeacht trasteorann ó thaobh tacaíochta do chosc, d'anailís agus d'imscrúdú ar an gcoirpeacht ar fud an Aontais. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle an tacaíocht is gá a thabhairt d'Europol,

TAR ÉIS A CHINNEADH ar Phrótacal, a bhfuil an téacs de i gceangal leis seo, a tharraingt suas a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), mar atá arna shíniú inniu ag na hionadaithe do rialtais na mBallstát, agus

AG MOLADH go nglacfaidh na Ballstáit an Prótacal seo i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Samhain 2003.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

R. CASTELLI

<sup>(1)</sup> IO C 316, 27.11.1995, lch. 2.

<sup>(2)</sup> IO C 172, 18.7.2002, lch. 15.

<sup>(3)</sup> Tuairim arna tabhairt ar an 9 Aibreán 2003 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(4)</sup> Tuairim arna tabhairt ar an 31 Deireadh Fómhair 2002, tuairim bhreise arna tabhairt ar an 24 Meitheamh 2003.

**DEARBHÚ ÓN gCOMHAIRLE**

Aontaíonn an Chomhairle nach ndéanann teagasc Europol déileáil leis an 'gcalaois' mar cheann de na sagsanna coirpeachta dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Europol, a mhéad a bhaineann le calaois chánach agus calaois chustaim, inniúlachtaí a thabhairt d'Europol ach amháin i dtaca le feabhas a chur ar éifeachtúlacht údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as feidhmiú an chórais um fhorghníomhú an dlí choiriúil agus ar an gcomhar eatarthu, seachas na húdaráis dá gcuid atá freagrach as cánacha agus dleachta custaim a bhailiú.

---

## PRÓTACAL

### arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol) a leasaíonn an Coinbhinsiún sin

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo, is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol), Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 27 Samhain 2003,

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- (1) Is gá Coinbhinsiún Europol a leasú i bhfianaise na bpléití sa Chomhairle.
- (2) Is gá an tacaíocht agus na modhanna is gá a thabhairt d'Europol chun go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtúil mar phointe comhtheagmhála don chomhar Eorpach póilíneachta.
- (3) Ní mór na hathruithe is gá a dhéanamh ar Choinbhinsiún Europol chun feidhm tacaíochta oibríochtúla Europol a neartú i dtaca leis na húdaráis náisiúnta póilíneachta.
- (4) Tá sé dearbhaite ag an gComhairle Eorpach go bhfuil ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstáit i réimse an imscrúdaithe ar an gcoirpeacht trasteorann ó thaobh tacaíocht a thabhairt do chosc, d'anailís agus d'imscrúdú ar an gcoirpeacht ar fud an Aontais. Tá iarrtha ag an gComhairle Eorpach ar an gComhairle an tacaíocht is gá a thabhairt d'Europol,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

#### Airteagal 1

Leasaítear leis seo Coinbhinsiún Europol mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

#### 'Airteagal 2

#### Cuspóir

1. Beidh de chuspóir ag Europol, faoi chuimsiú an chomhair phóilíneachta idir na Ballstáit de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach, trí na bearta dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún seo, feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus comhar na n-údarás inniúil sna Ballstáit, agus an choirpeacht thromchúiseach idirnáisiúnta á cosc agus á comhrac acu nuair atá taispeántaí fíorasacha ann go bhfuil struchtúr coiriúil eagraithe i dtreis agus go bhfuil sé seo ag cur isteach ar dhá Bhallstát nó níos mó ar dhóigh gur gá cur chuige coiteann ag na Ballstáit toisc raon, tábhacht agus iarmhairtí na gcionta i dtábhacht. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo measfar gur choirpeacht thromchúiseach idirnáisiúnta atá sna sagsanna coirpeachta seo a leanas: cionta a dhéantar, nó ar dóigh go ndéanfaí iad, faoi chuimsiú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta i gcoinne beatha, slándáil phearsanta, saoirse agus maoin daoine, sciúradh neamhdhlíthiúil airgid, gáinneáil neamhdhleathach drugaí agus substaintí núicléacha agus radaighníomhacha, smugláil neamhdhlíthiúil imirceach, ceannaíocht i ndaoine,

coirpeacht a bhaineann le gáinneáil mótarfheithiclí goidte agus na sagsanna eile coirpeachta atá liostáilte san Iarscríbhinn nó cineálacha sonracha díobh.

2. Ar thogra ón mBord Bainistíochta, leagfaidh an Chomhairle amach d'aon toil tosaíochtaí Europol maidir leis na sagsanna éagsúla coirpeachta tromchúisí idirnáisiúnta a thagann faoina shainordú a chomhrac agus a chosc.

3. Áireofar ar inniúlacht Europol maidir le sagsas coirpeachta nó le cineálacha sonracha de shagas coirpeachta cionta coiriúla atá gaolmhar leo. Ar a shon sin, ní áireofar príomhchionta a bhaineann le sciúradh neamhdhlíthiúil airgid ar sagsanna coirpeachta iad nach bhfuil aon inniúlacht ag Europol ina leith de bhun mhír 1.

Measfar gur cionta gaolmhara na cionta seo a leanas agus go bhfuil siad le cur san áireamh de réir na rialacha mionsonraithe in Airteagal 8 agus 10:

- cionta coiriúla a dhéantar chun na meáin a fháil chun gníomhartha a chur i gcrích a bhfuil Europol inniúil ina leith,
- cionta coiriúla a dhéantar chun gníomhartha a bhfuil Europol inniúil ina leith a éascú nó a chur i gcrích,
- cionta coiriúla a dhéantar chun saoirse ó phionós a áirithiú maidir le gníomhartha a bhfuil Europol inniúil ina leith.

4. Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, ciallaíonn “údarás inniúla” gach comhlacht poiblí sna Ballstáit atá freagrach faoin dlí náisiúnta as cionta coiriúla a chosc agus a chomhrac.;

2. leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Faoi chuimsiú a chuspóra faoi Airteagal 2(1), féadfaidh Europol, ina theannta sin, i gcomhréir lena acmhainní foirne agus buiséadacha agus faoi na teorainneacha arna socrú ag an mBord Bainaistíochta, cuidiú le Ballstáit trí chomhairle agus taighde, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

- (1) comhaltaí a n-údarás inniúil a oiliúint;
- (2) na húdaráis sin a eagrú agus a threallmhú trí sholáthar tacaíochta teicniúla idir na Ballstáit a éascú;
- (3) modhanna coiscthe cionta;
- (4) modhanna póilíneachta teicniúla agus fóirínseacha agus modhanna imscrúdaithe.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. Gan dochar don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Cosc a chur le Góchumadh Airgeadra, arna shíniú sa Ghinéiv ar an 20 Aibreán 1929 agus don Phrótocal a ghabhann leis, feidhmeoidh Europol freisin mar phointe teagmhála de chuid an Aontais Eorpaigh ina theagmhálacha le tríú Stáit agus tríú heagraíochtaí i dtaca le hairgeadra góchumtha euro a chosc.;

3. leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is é an t-aonad náisiúnta an t-aon chomhlacht liaison idir Europol agus na húdaráis náisiúnta inniúla. Féadfaidh Ballstáit, áfach, teagmhálacha díreacha idir údaráis inniúla arna n-ainmniú agus Europol a cheadú faoi réir coinníollacha arna gcinneadh ag an mBallstát i dtrácht, lena n-áirítear réamhpháirteachas an aonaid náisiúnta.

Ag an am céanna, gheobhaidh an t-aonad náisiúnta ó Europol aon fhaisnéis arna malartú le linn teagmhálacha díreacha idir Europol agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú. Beidh caidreamh idir an t-aonad náisiúnta agus na húdaráis inniúla faoi rialú ag an dlí náisiúnta, go háirithe na rialacha bunreachtúla ábhartha.;

(b) i mír 5 cuirtear ‘maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú’ in ionad

‘mar atá siad leagtha síos in Airteagal K.2(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Tiocfaidh ceannairí na n-aonad náisiúnta le chéile ar bhonn tráthrialta, as a stuaim féin nó arna iarraidh sin, chun cabhrú le hEuropol lena gcomhairle.;

4. cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Article 6a

### Próiseáil faisnéise ag Europol

Mar thacaíocht i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, féadfaidh Europol freisin sonraí a phróiseáil d’fhonn a chinneadh an bhfuil na sonraí sin ábhartha i dtaca lena chúraimí agus an féidir iad a áireamh sa chóras ríomhairithe faisnéise bailithe dá dtagraítear in Airteagal 6(1).

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ag gníomhú di trí thromlach dhá thrian, na coinníollacha a bhaineann le próiseáil na sonraí sin a chinneadh, go háirithe maidir le rochtain ar na sonraí agus úsáid na sonraí, chomh maith le teorainneacha ama nach féidir dul thar sé mhí do stóráil agus do scriosadh na sonraí, agus aird chuí á tabhairt acu ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 14. Ullmhóidh an Bord Bainistíochta an cinneadh ó na Páirtithe Conarthacha agus rachaidh sé i gcomhairle leis an gcomhchomhlacht maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 24.;

5. leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 1:

‘1. Is iad na haonaid náisiúnta, na hoifigigh liaison, agus an Stiúrthóir, na Leas-Stiúrthóirí nó oifigigh chuí-údaraithe Europol a bheidh i dteideal sonraí a ionchur go díreach sa chóras faisnéise agus iad a aisghabháil as.;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. Chomh maith leis na haonaid náisiúnta agus na daoine dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh údaráis inniúla atá ceaptha ag na Ballstáit chuige sin Córas Faisnéise Europol a cheistiú. Ní chuirfear in iúl sa fhreagra, áfach, ach amháin an bhfuil na sonraí arna n-iarraidh ar fáil ar Chóras Faisnéise Europol. Féadfar faisnéis bhreise a fháil ina dhiaidh sin trí aonad náisiúnta Europol.

Déanfar faisnéis a bhaineann leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú, lena n-áirítear modhuithe iardain, a tharchur chuig Ard-Rúnaíocht na Comhairle agus déanfaidh sí an fhaisnéis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.;

## 6. leasaítear Airteagal 10 mar a leanas :

- (a) i mír 1 cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

'1. A mhéad is gá chun an cuspóir atá leagtha síos in Airteagal 2(1) a ghnóthú, féadfaidh Europol, i dteannta le sonraí neamhphearsanta, sonraí a stóráil, a bhunathrú agus a úsáid i gcomhaid eile ar sonraí iad atá bainteach le cionta coiriúla a bhfuil Europol inniúil ina leith lena n-áirítear na sonraí atá bainteach le cionta coiriúla gaolmhara dá bhforáiltear sa dara fohmhir d'Airteagal 2(3), le haghaidh anailísí sonracha, agus a bhaineann le:'

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1 de mhír 2:

'(1) anailísithe agus oifigigh eile Europol arna n-ainmniú ag Stiúrthóireacht Europol;'

- (c) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i ndiaidh pointe 2 de mhír 2:

'Is iad na hanailísithe amháin a bheidh i dteideal sonraí a ionchur sa chomhad i gceist agus a aisghabháil uaidh; féadfaidh na rannpháirtithe go léir sonraí a aisghabháil ón gcomhad.'

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. A mhéad atá Europol i dteideal faoi ionstraimí de chuid an Aontais Eorpaigh nó faoi ionstraimí idirnáisiúnta dlí, rochtain ríomhairithe a fháil ar shonraí as córais faisnéise eile, féadfaidh sé sonraí pearsanta a aisghabháil trí na meáin sin más gá sin chun a fheidhmeanna de bhun pointe 2 d'Airteagal 3(1) a chomhall. Rialóidh na forálacha is infheidhme de na hionstraimí sin de chuid an Aontais Eorpaigh nó de na hionstraimí idirnáisiúnta dlí sin an úsáid a bhaineann Europol as na sonraí seo.'

- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt de mhír 8:

'Déanfaidh an Ballstát a pháirtíonn sonraí le hEuropol cinneadh maidir le leathadh nó úsáid oibríochtúil sonraí arna bpáirtíú. Murar féidir an Ballstát a pháirtigh na sonraí le hEuropol a shuíomh, is iad na rannpháirtithe san anailís a dhéanfaidh cinneadh maidir le leathadh nó úsáid oibríochtúil sonraí. Ní fhéadfaidh Ballstát ná saineolaí comhlachaithe a fhaigheann rochtain ar anailís reatha na sonraí a leathadh ná a úsáid gan comhaontú a fháil roimh ré ó na Ballstáit i dtrácht i dtosach báire.'

- (f) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'9. Féadfaidh Europol cuireadh a thabhairt do shaineolaithe as tríú Stáit nó as tríú comhlachtaí de réir bhrí mhír 4 chun bheith comhlachaithe i gníomhaíochtaí grúpa anailíse i gcás:

- (1) go bhfuil comhaontú i bhfeidhm idir Europol agus an tríú Stát nó an tríú comhlacht ina bhfuil forálacha iomchuí maidir le malartú faisnéise, lena n-áirítear tarchur sonraí pearsanta, agus maidir le rúndacht faisnéise arna malartú;

- (2) gur ar leas na mBallstát comhlachas shaineolaithe an tríú Stát nó an tríú comhlacht;

- (3) go mbaineann an obair anailíse go díreach leis an tríú Stát nó leis an tríú comhlacht; agus

- (4) go gcomhaontaíonn na rannpháirtithe uile de réir bhrí mhír 2 maidir le comhlachas shaineolaithe an tríú Stát nó an tríú comhlacht le gníomhaíochtaí an ghrúpa anailíse.

Beidh an comhlachas de shaineolaithe tríú Stát nó tríú comhlacht le gníomhaíochtaí grúpa anailíse faoi réir socrúithe idir Europol agus an tríú Stát nó an tríú comhlacht. Cinnfidh an Bord Bainistíochta, ag gníombú dó trí thromlach dhá thrian dá chomhaltá, na rialacha a rialaíonn na socrúithe sin.

Déanfar mionsonraí na socrúithe idir Europol agus tríú Stáit nó tríú comhlachtaí a chur chuig an gcomhchomhlacht maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 24, a fhéadfaidh pé barúlacha a mheasann sé is gá a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta.'

## 7. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'Airteagal 12

**Ordú ag oscailt comhad sonraí**

1. Le haghaidh gach comhad ríomhairithe sonraí ina bhfuil sonraí pearsanta arna oibriú ag Europol chun a fheidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 10 a chomhall, sonrídís Europol in ordú ag oscailt an chomhaid:

- (1) ainm an chomhaid;

- (2) aidhm an chomhaid;

- (3) na grúpaí daoine a bhfuil sonraí stóráilte fúthu;

- (4) cineál na sonraí atá le stóráil agus na sonraí orthu sin atá liostaithe sa chéad abairt d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 agus a bhfuil dianghá leo;

- (5) saghas na sonraí pearsanta a úsáidtear chun an comhad a oscailt;

- (6) soláthar nó ionchur na sonraí atá le stóráil;

(7) na coinníollacha agus an nós imeachta faoina bhféadfar na sonraí pearsanta atá stóráilte sa chomhad a pháirtíú agus cé hiad na faighteoirí;

(8) na tréimhsí don scrúdú agus ré na stórála;

(9) an modh chun an log iniúchóireachta a bhunú.

2. Cuirfidh Stiúrthóir Europol an Bord Bainistíochta agus an comhchomhlacht maoirseachta dá bhforáiltear in Airteagal 24 ar an eolas láithreach faoin ordú ag oscailt an chomhaid agus gheobhaidh siad an comhad.

Féadfaidh an comhchomhlacht maoirseachta pé barúlacha a mheasann sé is gá a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta. Féadfaidh Stiúrthóir Europol a iarraidh ar an gcomhchomhlacht maoirseachta é seo a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe ama.

3. Féadfaidh an Bord Bainistíochta tráth ar bith teagasc a thabhairt do Stiúrthóir Europol an t-ordú oscailte a leasú nó an comhad a dhúnadh. Cinnfidh an Bord Bainistíochta an dáta a mbeidh éifeacht ag aon leasú nó aon dúnadh den sórt sin.

4. Ní fhéadfar an comhad sonraí a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná trí bliana. Roimh an tréimhse trí bliana sin a dhul in éag, áfach, déanfaidh Europol athbhreithniú ar an ngá atá le fadú thréimhse an chomhaid. Má tá dianghá leis seo chun críocha an chomhaid, féadfaidh Stiúrthóir Europol a ordú go bhfadaítear tréimhse an chomhaid ar feadh tréimhse nua trí bliana. Saineofar i míreanna 1 go 3 an nós imeachta atá le leanúint i gcásanna den sórt sin.;

8. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

'Airteagal 16

#### Forálacha maidir le haisghabhálacha a rialú

Bunóidh Europol meicníochtaí iomchuí rialaithe chun go mbeifear in ann dlíthiúlacht na n-aisghabhálacha ón gcóras ríomhairithe faisnéise bailithe dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 6a a fhíorú.

Ní dhéanfaidh Europol ná na comhlachtaí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagail 231 agus 24 na sonraí a bhailítear amhlaidh a úsáid ach chun na críche sin agus déanfar iad a scriosadh tar éis sé mhí mura bhfuil siad riachtanach fós do sheiceáil reatha. Cinnfidh an Bord Bainistíochta mionsonraí na meicníochtaí rialaithe sin tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhchomhlacht maoirseachta.;

9. leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3 de mhír 1:

'(3) nuair atá an beart sin incheadaithe faoi na rialacha ginearálta de réir bhrí mhír 2; féadfaidh na rialacha sin foráil do chlaonadh ó phointe 2 in gcásanna eisceachtúla ina measann Stiúrthóir Europol go bhfuil sé fíor-riachtanach na sonraí sin a tharchur chun leasanna bunúsacha na mBallstát lena mbaineann a chosaint laistigh de raon feidhme chuspóirí Europol nó ar mhaithe le garchontúirt a bhaineann le coirpeacht a chosc. Breithneoidh Stiúrthóir Europol sna himthosca go léir an leibhéal cosanta sonraí sa Stát nó sa chomhlacht atá i gceist chun an leibhéal cosanta sonraí seo a chomhardú leis na leasanna dá dtagraítear thuas.;

10. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21(3):

'3. Déanfar athbhreithniú gach bliain ar an ngá atá le leanúint de shonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a stóráil agus taifeadfar an t-athbhreithniú. Ní fhéadfaidh stóráil sonraí den sórt sin i gcomhad sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12 dul thar thréimhse marthana an chomhaid.;

11. cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 22:

'4. Beidh feidhm ag na prionsabail arna leagan síos sa teideal seo a bhaineann le próiseáil faisnéise maidir le sonraí i gcomhaid pháipéir.;

12. in Airteagal 24(6), in ionad 'I gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach seolfar iad chuig an gComhairle' cuirtear an méid seo a leanas: 'Seolfar na tuarascálacha sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.;

13. in Airteagal 26(3) scriostar 'agus Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach';

14. leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'(1) beidh sé rannpháirteach i mbunú tosaíochtaí d'Europol maidir leis na saghsanna coirpeachta tromchúisí idirnáisiúnta a thagann faoina shainordú a chomhrac agus a chosc (Airteagal 2(2)).;

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(3a) beidh sé rannpháirteach i gcinneadh na gcoinníollacha a bhaineann le sonraí a phróiseáil d'fhonn a chinneadh an bhfuil na sonraí sin ábhartha i dtaca lena chúraimí agus an féidir iad a áireamh sa chóras ríomhairithe faisnéise bailithe (Airteagal 6a).;

(4a) cinnfidh sé, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí, na rialacha a rialáionn na socruithe maidir le comhlachas saineolaithe tríú Stát nó tríú comhlachta le gníomhaíochtaí grúpa anailíse (Airteagal 10(9));'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

(7) féadfaidh sé teagasc a thabhairt do Stiúrthóir Europol ordú oscailte a leasú nó an comhad a dhúnadh. (Airteagal 12(3));'

(d) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

(14a) déanfaidh sé, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí, rialacha a ghlacadh maidir le rochtain ar dhoiciméid Europol (Airteagal 32a);'

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 22:

(22) beidh sé rannpháirteach in aon leasú ar an gCoinbhinsiún seo nó ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis (Airteagal 43);'

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

'10. Agus na tosaíochtaí arna leagan amach ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 2(2) á gcur san áireamh, mar aon leis an tabhairt suas chun dáta ag Stiúrthóir Europol dá dtagraítear in Airteagal 29(3), déanfaidh an Bord Bainistíochta na nithe seo a leanas a ghlacadh d'aon toil gach bliain:

(1) tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí Europol i rith na bliana roimhe sin;

(2) tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Europol sa todhchaí ina gcuirtear riachtanais oibríochtúla na mBallstát agus na hiarmhairtí ar bhuiséad agus líon foirme Europol san áireamh.

Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid na Comhairle lena dtabhairt dá haire agus lena bhformhuiniú. Cuirfidh an Chomhairle na tuarascálacha seo chuig Parlaimint na hEorpa freisin mar eolas;'

15. in Airteagal 29(3):

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

(6) an Bord Bainistíochta a thabhairt suas chun dáta, ar bhonn tráthrialta, maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2);'

— cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

(7) gach cúram eile a chuirtear air sa Choinbhinsiún seo nó ag an mBord Bainistíochta;'

16. in Airteagal 30(1) cuirtear 'don' in ionad 'gan dochar do Theideal VI den';

17. cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 32a

### **Ceart rochtana ar dhoiciméid Europol**

Ar bhonn togra ó Stiúrthóir Europol, déanfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí, rialacha a ghlacadh maidir le rochtain ar dhoiciméid Europol do gach saoránach den Aontas, agus do gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát, ag cur na bprionsabail agus na dteorainneacha san áireamh a luaitear sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 255 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;'

18. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

'Airteagal 34

### **Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas**

1. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin arna leagan síos sa Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le haon tionscnamh ó Bhallstát nó togra ón gCoimisiún a bhaineann le glacadh aon bhirt dá dtagraítear in Airteagail 10(1) agus (4), Airteagal 18(2), Airteagal 24(7), Airteagal 26(3), Airteagal 30(3), Airteagal 31(1) agus Airteagal 42(2), nó tráth aon leasaithe ar an gCoinbhinsiún seo nó ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis.

2. Féadfaidh Uachtaránacht na Comhairle nó a hionadaí láithriú os comhair Parlaimint na hEorpa chun plé a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta a bhaineann le hEuropol. Féadfaidh Stiúrthóir Europol a bheith de chúnadh ag Uachtaránacht na Comhairle nó ag a hionadaí. I dtaca le Parlaimint na hEorpa, tabharfaidh Uachtaránacht na Comhairle, nó a hionadaí, aird ar na hoibleagáidí discréide agus rúndachta.

3. Beidh na hoibleagáidí dá bhforáiltear san Airteagal seo gan dochar do chearta na bparlaimintí náisiúnta agus do na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis an gcaidreamh le Parlaimint na hEorpa de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach;'

19. cuirtear an méid seo a leanas le hAirteagal 35(4):

'Cuirfear an plean maoinithe cúig bliana chuig an gComhairle. Cuirfidh an Chomhairle an plean maoinithe cúig bliana chuig Parlaimint na hEorpa freisin mar eolas;'

20. in Airteagal 39(4) in ionad na habairte dar tús 'Choinbhinsiún na Bruiséile' cuirtear an méid seo a leanas:



'Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2001 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála.'

21. cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 42:

'3. Déanfaidh Europol dlúthchomhar a bhunú agus a chothabháil le hEurojust, a mhéad is ábhartha chun feidhmeanna Europol a chomhall agus chun a chuspóirí a ghnóthú, ag cur san áireamh go gcaithfear dúbailt saothair a sheachaint. Déanfar eilimintí fíor-riachtanacha an dlúthchomhair sin a chinneadh le comhaontú atá le bunú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo agus lena bhearta cur chun feidhme.'

22. leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear 'an Chonartha' in ionad 'phointe 9 d'Airteagal K.1 den Chonradh';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ar a shon sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinneadh, tar éis don Bhord Bainistíochta an cheist a phlé, leasú a dhéanamh ar an larscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo trí shaghsanna eile coirpeachta tromchúisí idirnáisiúnta a chur léi nó trí na sainmhínte atá inti a mhodhnú.'

23. leasaítear an larscríbhinn mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

### **LARSCRÍBHINN**

dá dtagraítear in Airteagal 2

Liosta de shaghsanna eile coirpeachta tromchúisí idirnáisiúnta a bhfuil Europol inniúil chun déileáil leo de bhreis orthu siúd dá bhforáiltear cheana in Airteagal 2(1) agus ag urramú chuspóir Europol mar atá sé sonraithe in Airteagal 2(1)';

(b) scriostar an mhír dar tosach 'Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(2)';

(c) sa mhír dar tús 'Maidir leis na saghsanna coirpeachta atá liostaithe in Airteagal 2(2)', cuirtear 'Airteagal 2(1) in ionad 'Airteagal 2(2)';

(d) cuirtear an fhleasc seo a leanas i ndiaidh 'a síníodh in Strasbourg ar an 8 Samhain 1990':

— ciallaíonn "gáinneáil neamhdhleathach drugaí" na cionta coiriúla atá liostaithe in Airteagal 3(1) de

Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 20 Nollaig 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha agus sna forálacha ag leasú an Choinbhinsiúin sin nó ag gabháil a ionaid.'

24. in Airteagal 10(1) agus (4), Airteagal 18(2), Airteagal 29(1), Airteagal 29(6), Airteagal 30(3), Airteagal 31(1), Airteagal 35(5) agus (9), Airteagal 36(3), Airteagal 40(1), Airteagal 41(3), Airteagal 42(2) agus Airteagal 43(1), scriostar 'i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach'.

### *Airteagal 2*

1. Déanfaidh na Ballstáit an Prótacal seo a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Árdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na nósanna imeachta chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlánaithe acu.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm 90 lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát sin ar Bhallstát den Aontas Eorpach é ar dháta na Comhairle do ghlacadh an Ghnímh ag bunú an Phrótacail seo arb é Stát is déanaí é chun an fógra sin a thabhairt.

### *Airteagal 3*

Má thagann an Prótacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(3) roimh theacht i bhfeidhm don Phrótacal arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), a leasaíonn Airteagal 2 agus an larscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin<sup>(1)</sup>, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de, measfar go bhfuil an Prótacal deireanach sin aigheairthe.

### *Airteagal 4*

1. Beidh aontachas leis an bPrótacal seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach más rud é nach bhfuil sé tagtha i bhfeidhm ar dháta na hionstraimí aontachais do Choinbhinsiún Europol de bhun Airteagal 46 de Choinbhinsiún Europol a thaisceadh.

2. Taiscfear na hionstraimí aontachais don Phrótacal seo go comhuaineach leis na hionstraimí aontachais do Choinbhinsiún Europol de bhun Airteagal 46 den Choinbhinsiún sin.

3. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

(<sup>1</sup>) IO C 358, 13.12.2000, lch. 2.

4. Mura mbeidh an Prótacal seo tagtha i bhfeidhm fós ar an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 46(4) de Choinbhinsiún Europol a dhul in éag, tiocfaidh sé i bhfeidhm don Bhallstát aontach ar dháta an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(3).

5. Má thagann an Prótacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2(3) roimh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 46(4) de Choinbhinsiún Europol a dhul in éag ach tar éis an ionstraim aontachais a thaisceadh dá dtagraítear i mír 2, aontóidh an Ballstát aontach do Choinbhinsiún Europol mar

atá arna leasú leis an bPrótacal seo, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Choinbhinsiún Europol.

#### Airteagal 5

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.

2. Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na fógraí, na hionstraimí agus na cumarsáidí a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Hecho en Bruselas, el veintisiete de noviembre de dos mil tres.

Udfærdiget i Bruxelles, den syvogtyvende november to tusind og tre.

Geschehen zu Brüssel am siebenundzwanzigsten November zweitausendunddrei.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι επτά Νοεμβρίου δύο χιλιάδες τρία.

Done at Brussels on the twenty-seventh day of November in the year two thousand and three.

Fait à Bruxelles, le vingt-sept novembre deux mille trois.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an seachtú lá is fiche de Shamhain sa bhliain dhá mhíle is a trí.

Fatto a Bruxelles, addì ventisette novembre duemilatre.


Gedaan te Brussel, de zevenentwintigste november tweeduizenddrie.

Feito em Bruxelas, em vinte e sete de Novembro de dois mil e três.


Tehty Brysselissä kahdentenäkymmenentenäseitsemäntenä päivänä marraskuuta vuonna kaksituhattakolme.

Som skedde i Bryssel den tjugojsjunde november tjugohundratre.


Pour le gouvernement du Royaume de Belgique  
Voor de Regering van het Koninkrijk België  
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark



Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland



Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por el Gobierno del Reino de España



Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann  
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg




Voor de Regering van het Koninkrijk der Nederlanden



Für die Regierung der Republik Österreich

*Grubschegg* 

Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta  
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland

*Patricia Scotland*

---